2025/184

29.1.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/184 ÓN gCOIMISIÚN

an 28 Eanáir 2025

lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a mhéid a bhaineann le taraif-chuótaí áirithe a chruthú, a mhodhnú agus a bhainistiú tar éis an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagrú na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001 agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 187 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leagtar síos na socruithe trádála is infheidhme maidir le hearraí áirithe ar toradh ar phróiseáil táirgí talmhaíochta iad agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1216/2009 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 614/2009 ón gComhairle ([2]), agus go háirithe Airteagal 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún ([3]), leagtar síos na rialacha maidir le bainistiú na dtaraif-chuótaí ar allmhairí agus onnmhairí maidir le táirgí talmhaíochta a bhainistítear le córas ceadúnas allmhairiúcháin agus onnmhairiúcháin agus déantar foráil ann maidir le rialacha sonracha chun iad a bhainistiú.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos na rialacha maidir le riar taraif-chuótaí ar allmhairí atá ceaptha lena n-úsáid ar bhonn ord cróineolaíoch na ndátaí a ghlactar leis na dearbhuithe custaim (an prionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce').

(3) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle ([5]), tugadh an Comhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile i gcrích an 18 Márta 2024.

(4) Na leasuithe a dhéantar leis an gComhaontú Eatramhach sin, ba cheart iad a léiriú in Iarscríbhinní I, VIII, XI agus XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988.

(5) Tá gá le forálacha idirthréimhseacha chun soiléiriú a dhéanamh ar na cainníochtaí atá le cur i bhfeidhm sa chéad bhliain den chur i bhfeidhm, chun soiléiriú a dhéanamh ar na cásanna a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar tharaif-chuótaí a dhúnadh agus a oscailt sa tréimhse taraif-chuótaí chéanna, agus a mhéid a bhaineann le cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint roimh theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Eatramhaigh agus cruthúnais tionscnaimh nua arna n-eisiúint i gcomhréir leis an gComhaontú Eatramhach.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1308/oj.
([2]) IO L 150, 20.5.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/510/oj.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1306/2013, (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le córas bainistíochta na dtaraif-chuótaí le ceadúnais (IO L 185, 12.6.2020, lch. 24, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/761/oj).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 ón gCoimisiún an 11 Samhain 2020 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013 agus (AE) Uimh. 510/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le riar taraif-chuótaí ar allmhairí i gcomhréir leis an bprionsabal 'tús freastail ar an gceann is túisce' (IO L 422, 14.12.2020, lch. 4, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/1988/oj).
([5]) Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (IO L, 2024/3016, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3016/oj).

(6) Chun teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe Eatramhaigh a chomhlíonadh, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus ba cheart feidhm a bheith aige ón 1 Feabhra 2025.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 agus (AE) 2020/1988 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) in Airteagal 42, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an séú mír:

'I gcomhréir leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, arna fhormheas le Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle (*), tá taraif-chuóta ar oscailt le haghaidh allmhairiú mairteola isteach san Aontas faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

_____

(*) Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile (IO L, 2024/3016, 20.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/3016/oj).';

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 67:

'*Airteagal 67*

Taraif-chuótaí

I gcomhréir leis na lamháltais a rinneadh faoi chuimsiú na hEagraíochta Domhanda Trádála arna bhformheas le Cinneadh 94/800/CE, tá taraif-chuótaí ar oscailt i gcás allmhairí isteach san Aontas in earnáil na n-uibheacha agus i gcás ubh-albaimine, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

I gcomhréir leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, tá an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4403 ar oscailt le haghaidh allmhairí isteach san Aontas in earnáil na n-uibheacha ón tSile, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Rialachán seo.

I gcás gach taraif-chuóta, sonraítear méid na dtáirgí, an tsraithuimhir agus an tréimhse agus na fothréimhsí taraif-chuóta allmhairiúcháin in Iarscríbhinn XI a ghabhann leis an Rialachán seo.';

(3) in Airteagal 68, cuirtear an mhír 6 seo a leanas leis:

'6. Úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta a leagtar síos in Iarscríbhinn XVI, Cuid Aa chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis na huibhe sa bhlaosc le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4403.';

(4) Leasaítear Iarscríbhinní I, VIII, XI agus XVI i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Forálacha idirthréimhseacha

1. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2024 (1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025), is é 4 004 167 kg (meáchan an táirge) an chainníocht atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4181.

Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2024 (1 Iúil 2024 go dtí an 30 Meitheamh 2025), an chainníocht thuasluaite atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4181, déantar í a asbhaint faoin gcainníocht charnach ar eisíodh ceadúnais ina leith idir an 1 Iúil 2024 agus an 31 Eanáir 2025 faoin taraif-chuóta seo.

2. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, is í an chainníocht atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4403, an chainníocht *pro rata* a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

3. Na ceadúnais a eisíodh roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo le haghaidh taraif-chuóta 09.4181, leanfaidh siad de bheith bailí go dtí deireadh a dtréimhse bailíochta.

4. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, is í an chainníocht atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1945, an chainníocht *pro rata* a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, an chainníocht thuasluaite atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1945, déantar í a asbhaint faoi na cainníochtaí carnacha a scaoileadh i saorchúrsaíocht idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Eanáir 2025 faoi tharaif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.1921 agus 09.1944.

5. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, is í an chainníocht atá le húsáid le haghaidh na dtaraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.2115, 09.2116 agus 09.1922, an chainníocht *pro rata* a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, an chainníocht thuasluaite atá le húsáid le haghaidh na dtaraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.2115, 09.2116 agus 09.1922, déantar í a asbhaint faoin gcainníocht charnach a scaoileadh i saorchúrsaíocht idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Eanáir 2025 faoi na taraif-chuótaí sin.

6. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, is í an chainníocht atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1946, an chainníocht *pro rata* a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, an chainníocht thuasluaite atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1946, déantar í a asbhaint faoin gcainníocht charnach a scaoileadh i saorchúrsaíocht idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Eanáir 2025 faoi tharaif-chuóta dar sraithuimhir 09.1923.

7. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, is í an chainníocht atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1947, an chainníocht *pro rata* a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, an chainníocht thuasluaite atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1947, déantar í a asbhaint faoin gcainníocht charnach a scaoileadh i saorchúrsaíocht idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Eanáir 2025 faoi tharaif-chuóta dar sraithuimhir 09.1925.

8. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, is í an chainníocht atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1955, an chainníocht *pro rata* a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, an chainníocht thuasluaite atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1955, déantar í a asbhaint faoin gcainníocht charnach a scaoileadh i saorchúrsaíocht idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Eanáir 2025 faoi tharaif-chuóta dar sraithuimhir 09.1926.

9. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, is í an chainníocht atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1957, an chainníocht *pro rata* a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, an chainníocht thuasluaite atá le húsáid le haghaidh an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1957, déantar í a asbhaint faoin gcainníocht charnach a scaoileadh i saorchúrsaíocht idir an 1 Eanáir 2025 agus an 31 Eanáir 2025 faoi tharaif-chuóta dar sraithuimhir 09.1927.

10. Maidir le tréimhse tharaif-chuóta 2025, is iad na cainníochtaí atá le húsáid le haghaidh na dtaraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.1948, 09.1949, 09.1956, 09.1958, 09.1959, 09.1953 agus 09.1954, an chainníocht *pro rata* a ríomhfar don chion a thosaíonn ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo go dtí deireadh na tréimhse taraif-chuóta sin.

11. Na cruthúnais tionscnaimh arna n-eisiúint i gcomhréir leis an gComhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, is iad amháin a bheidh inghlactha i gcás lastais táirgí atá faoi bhealach nó atá á stóráil go sealadach i stóras custaim nó i saorchriosanna san Aontas Eorpach ar dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.

Airteagal 4

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Feabhra 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 28 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinní I, VIII, XI agus XVI a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/761 mar a leanas:

(1) In Iarscríbhinn I, tar éis an ró a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4402, cuirtear isteach an ró seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4403:

'09.4403	Uibheacha	Allmhaire	AE: scrúdú comhuaineach	Níl	Tá		Níl'

(2) In Iarscríbhinn VIII, cuirtear an tábla seo a leanas in ionad an tábla a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4181:

'Sraithuimhir	**09.4181**
Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile	**Cinneadh (AE) 2024/3016** ón gComhairle an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tréimhse taraif-chuótaí	1 Iúil go dtí an 30 Meitheamh
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Níl
Iarratas ar cheadúnas	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
Tuairisc ar an táirge	Mairteoil nó laofheoil úr, fhuaraithe nó reoite
Tionscnamh	an tSile
Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint	Deimhniú Barántúlachta, ar leagtar amach an teimpléad de in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo Údarás eisiúna: Asociación Gremial de Plantas Faenadoras Frigoríficas de Carnes de Chile Teatinos 20 – Oficina 55, Santiago, Chili
Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile, agus Deimhniú Barántúlachta, ar leagtar amach an teimpléad de in Iarscríbhinn XIV a ghabhann leis an Rialachán seo
Cainníocht ina kg	2024 - 2025 4 004 167 kg (meáchan an táirge) 2025 - 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin 5 200 000 kg (meáchan an táirge)
Cóid AC	0201 10 00, 0201 20 20, 0201 20 30, 0201 20 50, 0201 20 90, 0201 30 00, 0202 10 00, 0202 20 10, 0202 20 30, 0202 20 50, 0202 20 90, 0202 30 10, 0202 30 50, 0202 30 90, 0206 10 95, 0206 29 91, 0210 20 10, 0210 20 90, 0210 99 51, 1602 50 10 agus 1602 90 61
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Cruthúnas ar thrádáil	Níl
Urrús le haghaidh ceadúnas allmhairiúcháin	EUR 12 in aghaidh 100 kg
Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	Is i Roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; an bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil
Tréimhse bailíochta ceadúnais	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo

Inaistritheacht ceadúnais	Tá
Cainníocht tagartha	Níl
Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI	Níl
Coinníollacha sonracha	Ciallaíonn 'feoil reoite' feoil atá reoite agus ag a bhfuil teocht inmheánach – 12 °C nó níos ísle nuair a thagann sí isteach i gcríoch chustaim an Aontais'

(3) In Iarscríbhinn XI, cuirtear isteach tar éis na sraithuimhreach 09.4402 an tábla seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.4403:

'Sraithuimhir	**09.4403**
Comhaontú idirnáisiúnta nó gníomh eile	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Níl
Iarratas ar cheadúnas	I gcomhréir le hAirteagail 6, 7 agus 8 den Rialachán seo
Tuairisc ar an táirge	Uibheacha agus táirgí uibhe
Tionscnamh	an tSile
Cruthúnas ar thionscnamh tráth a dhéantar an t-iarratas ar cheadúnas. Má tá, an comhlacht atá údaraithe lena eisiúint	Níl
Cruthúnas tionscnaimh le haghaidh scaoileadh i saorchúrsaíocht	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Cainníocht ina kg	2025: *Pro rata* 500 000 kg (coibhéis na huibhe sa bhlaosc) 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 500 000 kg (coibhéis na huibhe sa bhlaosc)
Cóid AC	0407 11 00, 0407 19 11, 0407 19 19, 0407 21 00, 0407 29 10, 0407 90 10, 0408 11 80, 0408 19 81, 0408 19 89, 0408 91 80, 0408 99 80, 3502 11 90 agus 3502 19 90
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Cruthúnas ar thrádáil	Tá. 25 thona
Urrús le haghaidh ceadúnas allmhairiúcháin	EUR 20 in aghaidh 100 kg
Iontrálacha sonracha atá le déanamh ar an iarratas ar cheadúnas agus ar an gceadúnas	Is i Roinn 8 den iarratas ar cheadúnas allmhairiúcháin agus den cheadúnas allmhairiúcháin a shonrófar an tír thionscnaimh; an bosca sa roinn sin ina bhfuil freagra dearfach, déanfar é a chrosáil
Tréimhse bailíochta ceadúnais	I gcomhréir le hAirteagal 13 den Rialachán seo
Inaistritheacht ceadúnais	Tá
Cainníocht tagartha	Níl
Oibreoir cláraithe i mbunachar sonraí LORI	Níl
Coinníollacha sonracha	Fachtóirí coinbhéartachta de réir na rátaí toraidh a shocraítear in Iarscríbhinn XVI, Cuid Aa a ghabhann leis an Rialachán seo'

(4) In Iarscríbhinn XVI, cuirtear an Chuid Aa seo a leanas isteach tar éis Chuid A:

‘Cuid Aa

Fachtóirí coinbhéartachta le haghaidh an chuóta uibheacha agus táirgí uibhe arna n-oscailt faoi chuimsiú an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus an tSile

Úsáidfear na fachtóirí coinbhéartachta seo a leanas chun meáchan an táirge a thiontú go coibhéis na huibhe sa bhlaosc le haghaidh na dtáirgí a chumhdaítear leis an tsraithuimhir 09.4403.

Cóid AC	Fachtóir coinbhéartachta
0407 11 00	100 %
0407 19 11	100 %
0407 19 19	100 %
0407 21 00	100 %
0407 29 10	100 %
0407 90 10	100 %
0408 11 80	246 %
0408 19 81	116 %
0408 19 89	116 %
0408 91 80	452 %
0408 99 80	116 %
3502 11 90	856 %
3502 19 90	116 %’

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1988 mar a leanas:

(a) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na muiceola', cuirtear isteach tar éis na sraithuimhreach 09.0832 an tábla seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1945:

'Sraithuimhir	**09.1945**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Muiceoil 0203 11 10, 0203 12 11, 0203 12 19, 0203 19 11, 0203 19 13, 0203 19 15, 0203 19 55, 0203 19 59, 0203 21 10, 0203 22 11, 0203 22 19, 0203 29 11, 0203 29 13, 0203 29 15, 0203 29 55, 0203 29 59, 1601 00 91, 1601 00 99, 1602 41 10, 1602 42 10, 1602 49 11, 1602 49 13, 1602 49 15, 1602 49 19, 1602 49 30, 1602 49 50 agus 1602 90 51
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: Pro rata 21 200 000 kg (meáchan an táirge) 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 21 200 000 kg (meáchan an táirge)
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar'

(b) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na caoireola agus na feola gabhair', an tábla a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.2115, 09.2116, 09.1922, cuirtear an tábla seo a leanas ina ionad:

'Sraithuimhir	**09.2115** **09.2116** **09.1922**
Bunús sonrach dlí	**Rialachán (CE) Uimh. 1095/96 ón gComhairle** an 18 Meitheamh 1996 maidir le cur chun feidhme na lamháltas a leagtar amach i Sceideal CXL a dréachtaíodh tar éis caibidlíochtaí GATT XXIV.6 a thabhairt i gcrích **Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile

Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Caoireoil 0204 'meannán' mar a shainítear in Airteagal 31 den Rialachán seo
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 12 927 000 kg (coibhéis mheáchan an chonablaigh) 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 12 927 000 kg (coibhéis mheáchan an chonablaigh)
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	I gcomhréir le hAirteagal 31 den Rialachán seo'

(c) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na ngránach agus na feola éanlaithe clóis', cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1946:

'Sraithuimhir	**09.1946**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Feoil éanlaithe clóis 0207 11 10, 0207 11 30, 0207 11 90, 0207 12 10, 0207 12 90, 0207 13 10, 0207 13 20, 0207 13 30, 0207 13 40, 0207 13 50, 0207 13 60, 0207 13 70, 0207 13 99, 0207 14 10, 0207 14 20, 0207 14 30, 0207 14 40, 0207 14 50, 0207 14 60, 0207 14 70, 0207 14 99, 0207 24 10, 0207 24 90, 0207 25 10, 0207 25 90, 0207 26 10, 0207 26 20, 0207 26 30, 0207 26 40, 0207 26 50, 0207 26 60, 0207 26 70, 0207 26 80, 0207 26 99, 0207 27 10, 0207 27 20, 0207 27 30, 0207 27 40, 0207 27 50, 0207 27 60, 0207 27 70, 0207 27 80, 0207 27 99, 0207 41 20, 0207 41 30, 0207 41 80, 0207 42 30, 0207 42 80, 0207 44 10, 0207 44 21, 0207 44 31, 0207 44 41, 0207 44 51, 0207 44 61, 0207 44 71, 0207 44 81, 0207 44 99, 0207 45 10, 0207 45 21, 0207 45 31, 0207 45 41, 0207 45 51, 0207 45 61, 0207 45 71, 0207 45 81, 0207 45 99, 0207 51 10, 0207 51 90, 0207 52 10, 0207 52 90, 0207 54 10, 0207 54 21, 0207 54 31, 0207 54 41, 0207 54 51, 0207 54 61, 0207 54 71, 0207 54 81, 0207 54 99, 0207 55 10, 0207 55 21, 0207 55 31, 0207 55 41, 0207 55 51, 0207 55 61, 0207 55 71, 0207 55 81, 0207 55 99, 0207 60 05, 0207 60 10, 0207 60 21, 0207 60 31, 0207 60 41, 0207 60 51, 0207 60 61, 0207 60 81, 0207 60 99, 1602 32 11 agus 1602 39 21

Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 32 200 000 kg (meáchan an táirge) 2026: 32 200 000 kg 2027: 32 200 000 kg 2028 agus na blianta ina dhiaidh sin: 41 200 000 kg (meáchan an táirge)
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar’

(d) sa roinn faoin gceannteideal ‘Taraif-chuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí’, cuirtear isteach tar éis na sraithuimhreach 09.0027 na táblaí seo a leanas a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.1947 agus 09.1948:

‘Sraithuimhir	**09.1947**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Gairleog 0703 20 00
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 2 000 000 kg 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 2 000 000 kg
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar

Sraithuimhir	**09.1948**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile

Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Ola olóige 1509 10 10, 1509 10 20, 1509 10 80, 1509 90 00, 1510 00 10 agus 1510 00 90
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 11 000 000 kg 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 11 000 000 kg
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar'

(e) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na ngránach', cuirtear isteach na táblaí seo a leanas a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.1949 agus 09.1955:

'Sraithuimhir	**09.1949**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Stáirse agus díorthaigh stáirse 1108 11 00, 1108 12 00, 1108 13 00, 1108 14 00, 1108 19 10, 1108 19 90, 1109 00 00, 2905 43 00, 2905 44 11, 2905 44 19, 2905 44 91, 2905 44 99, 3505 10 10, 3505 10 90, 3824 60 11, 3824 60 19, 3824 60 91 agus 3824 60 99
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 300 000 kg 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 300 000 kg
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar

Sraithuimhir	**09.1955**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Gránaigh phróiseáilte 1104
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: Pro rata 2 100 000 kg 2026: 2 150 000 kg 2027: 2 200 000 kg Scoirfidh an TRQ d'fheidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2028
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar'

(f) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na ngránach agus an tsiúcra', cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhreacha 09.1956:

'Sraithuimhir	**09.1956**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Táirgí ina bhfuil cion ard siúcra 0403 20 49, 1702 30 10, 1702 30 50, 1702 30 90, 1702 40 10, 1702 40 90, 1702 50 00, 1702 60 10, 1702 60 80, 1702 60 95, 1702 90 30, 1704 90 99, 1806 10 30, 1806 10 90, 1806 20 95, 1901 90 95, 1901 90 99, 2006 00 31, 2006 00 38, 2007 91 10, 2101 12 98, 2101 20 98, ex 2106 90 98 agus 3302 10 29. Ó 2024 go 2030 mar aon le 1702 90 50, 1702 90 71, 1702 90 75, 1702 90 79, 1702 90 80, 1702 90 95, 2106 90 30, 2106 90 55 agus 2106 90 59
Cóid TARIC	2106 90 98 26, 2106 90 98 34, 2106 90 98 53, 2106 90 98 60, 2106 90 98 69
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 1 000 000 kg 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 1 000 000 kg
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig

Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar'

(g) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte', cuirtear isteach na táblaí seo a leanas a bhaineann leis na taraif-chuótaí dar sraithuimhreacha 09.1957, 09.1958 agus 09.1959:

'Sraithuimhir	**09.1957**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Beacáin ullmhaithe 2003 10 20 agus 2003 10 30
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 1 050 000 kg 2026: 1 075 000 kg 2027: 1 100 000 kg 2028: 1 125 000 kg 2029: 1 150 000 kg 2030: 1 175 000 kg 2031: 1 200 000 kg Scoirfidh an TRQ d'fheidhm a bheith aige ón 1 Eanáir 2032
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar

Sraithuimhir	**09.1958**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Sú úll 2009 79 11 agus 2009 79 91
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 2 000 000 kg 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 2 000 000 kg
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar

Sraithuimhir	**09.1959**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Ullmhóidí torthaí 2007 10 10, 2007 91 30, 2007 99 20, ex 2007 99 31, ex 2007 99 33, ex 2007 99 39, 2008 30 19 agus 2008 40 19
Cóid TARIC	2007 99 31 25, 2007 99 31 99 2007 99 33 25, 2007 99 33 99, 2007 99 39 01 2007 99 39 02, 2007 99 39 03, 2007 99 39 04 2007 99 39 05, 2007 99 39 06, 2007 99 39 07 2077 99 39 08, 2007 99 39 80 agus 2007 99 39 85
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 10 000 000 kg 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 10 000 000 kg
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile

Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar'

(h) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil na ngránach agus na dtáirgí torthaí agus glasraí próiseáilte', cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1953:

'Sraithuimhir	**09.1953**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Arbhar milis 2001 90 30, 2004 90 10 agus 2005 80 00
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025: *Pro rata* 800 000 kg 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin: 800 000 kg
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig
Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar'

(i) sa roinn faoin gceannteideal 'Taraif-chuótaí in earnáil an alcóil eitile de thionscnamh talmhaíochta', cuirtear isteach an tábla seo a leanas a bhaineann leis an taraif-chuóta dar sraithuimhir 09.1954:

'Sraithuimhir	**09.1954**
Bunús sonrach dlí	**Cinneadh (AE) 2024/3016 ón gComhairle** an 18 Márta 2024 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Eatramhaigh maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Tuairisc ar an táirge agus cóid AC	Alcól eitile 2207 10 00 agus 2207 20 00
Cóid TARIC	—
Tionscnamh	an tSile
Cainníocht	2025 *Pro rata* 2 000 000 kg 2026 agus na blianta ina dhiaidh sin 2 000 000 kg
Tréimhse taraif-chuótaí	An 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig

Fothréimhsí taraif-chuótaí	Ní bhaineann le hábhar
Cruthúnas tionscnaimh	I gcomhréir le Caibidil 3 den Chomhaontú Eatramhach maidir le Trádáil idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Sile
Dleacht chustaim laistigh den chuóta	EUR 0
Urrús atá le taisceadh i gcomhréir le hAirteagal 2 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/1987	Ní bhaineann le hábhar
Coinníollacha sonracha	Ní bhaineann le hábhar’